Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2022

CM 5802/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0371(COD)**

CODEC
ECOFIN
RELEX
NIS
FIN
COEST
PROCED

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | Laurent.Laboure@consilium.europa.eu<br>codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.7400 |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +)<br>An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh:<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>– Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) an 9 Nollaig 2022 an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl:

1. an aontaíonn sibh go nglacfar seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +), mar a leagtar amach in 15727/22 é, agus leis an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, mar a leagtar amach in 15727/22 ADD1 REV1 é.

   Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.

2. an aontaíonn sibh maolú a dhéanamh, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise phráinn an ábhair mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.

Is tráth a fhreagraítear an dá cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper.

Ní mór na freagraí ar an dá cheist a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle le ríomhphost chuig faoi codecision.adoption@consilium.europa.eu ar a dhéanaí faoi **12.00 Dé Sathairn, an 10 Nollaig 2022 (am na Bruiséile).**